II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/853 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Aibreán 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 ón gComhairle an 23 Márta 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 961/2010 ([1]), agus go háirithe Airteagal 46(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Márta 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 267/2012.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle ([2]), ba cheart an iontráil a bhaineann le duine amháin a ainmnítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a bhaint den Iarscríbhinn sin. Ba cheart iontráil amháin atá san áireamh in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a nuashonrú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 267/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 88, 24.3.2012, lch. 1.
([2]) Cinneadh 2010/413/CBES ón gComhairle an 26 Iúil 2010 a bhaineann le bearta sriantachai gcoinne na hIaráine agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2007/140/CBES (IO L 195, 27.7.2010, lch. 39).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Aibreán 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 267/2012 mar a leanas:

(1) scriostar iontráil 10 (a bhaineann le Rostam QASEMI) ón liosta dar teideal "II. Cór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC)", faoin bhfo-cheannteideal "A. Daoine";

(2) faoin gceannteideal "I. Daoine agus eintitis a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí diúracán núicléach nó le gníomhaíochtaí diúracán balaistíoch agus daoine agus eintitis a thugann tacaíocht do Rialtas na hIaráine.", cuirtear an iontráil seo a leanas in ionad na hiontrála comhfhreagraí sa liosta a leagtar amach faoin bhfo-cheannteideal "B. Eintitis":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"12.	Fajr Aviation Composite Industries	Mehrabad Airport, PO Box 13445-885, Tehran, Iran	Fochuideachta de chuid IAIO laistigh de MODAFL agus iad araon ainmnithe ag an Aontas Eorpach a tháirgeann ábhair ilchodacha go príomha do thionscal na n-aerárthaí. Táirgeann Fajr Aviation Composite Industries ladrainn freisin, a líomhnaítear go bhfuil siad á n-úsáid le haghaidh díchobhsú réigiúnach.	26.7.2010"